



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0172(COD)**

**10103/23
ADD 1**

**TRANS 217
MAR 77
CODEC 1008
IA 128
OMI 45**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 272 final - ANNEX
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 272 final - ANNEX.

Faoi iamh: COM(2023) 272 final - ANNEX



An Bhruiséil, 1.6.2023
COM(2023) 272 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh**

{SEC(2023) 210 final} - {SWD(2023) 165 final} - {SWD(2023) 166 final}

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Rún A.1070(28)

(arna ghlacadh an 4 Nollaig 2013)

CÓD CUR CHUN FEIDHME IONSTRAIMÍ IMO (CÓD III)

CUID 1 – LIMISTÉIR CHOMHCHOITEANNA

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chód seo feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí dhomhanda agus ar chosaint na muirthimpeallachta ar fud an domhain agus cúnamh a thabhairt do Stáit maidir le hionstraimí na hEagraíochta a chur chun feidhme.

2. Féachfaidh Stáit éagsúla ar an gCód seo de réir a gcúinsí féin agus níor cheart go mbeadh siad faoi cheangal ach maidir leis na hionstraimí sin a chur chun feidhme ina bhfuil siad ina Rialtais nó ina bPáirtithe Conarthacha. De bhua na tíreolaíochta agus na himthosca, d'fhéadfadh ról níos mó a bheith ag roinnt Stát Stát brataí ná mar atá acu mar Stát an chalafoirt nó mar Stát cósta, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ról níos mó ag cinn eile mar Stát cósta nó mar Stát an chalafoirt ná mar atá acu mar Stát brataí.

Straitéis

3. Chun cuspóir an Chóid seo a bhaint amach, moltar do Stát:

.1 straitéis fhoriomlán a fhorbairt lena áiritheofar go gcomhlíonfar a chuid oibleagáidí agus freagrachtaí idirnáisiúnta mar Stát brataí, mar Stát an chalafoirt agus mar Stát cósta;

.2 trí modheolaíocht a bhunú chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chinntí na straitéise, áiritheofar go ndéanfar ionstraimí idirnáisiúnta éigeantacha ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach; agus

.3 athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an straitéis chun feidhmíocht agus cumas foriomlán na heagraíochta mar Stát brataí, mar Stát an chalafoirt agus mar Stát cósta a bhaint amach, a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

Faisnéis Ghinearálta

4. Faoi fhorálacha ginearálta dhlí na gconarthaí agus choinbhinsiúin IMO, ba cheart go mbeadh Stáit freagrach as dlíthe agus rialacháin a fhógairt agus as gach beart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun éifeacht iomlán iomlán a thabhairt do na hionstraimí sin chun sábháilteacht daoine ar muir agus cosaint na muirthimpeallachta a áirithiú.

5. Agus bearta á nglacadh acu maidir le truailiú na muirthimpeallachta a chosc, a laghdú agus a rialú, ba cheart do Stáit beart a dhéanamh ionas nach n-aistrefar, go díreach nó go hindíreach, damáiste ná guaiseacha ó limistéar amháin go limistéar eile nó cineál amháin truailithe a athrú go ceann eile truailithe.

Raon feidhme

6. Féachtar leis an gCód le dul i ngleic leis na gnéithe sin is gá a bheith ag Rialtas nó Páirtí Conarthach chun éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorálacha na n-ionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme a bhfuil sé ina Rialtas nó ina Pháirtí Conarthach iontu, a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

1. sábháilteacht daoine ar muir;
- .2 truailiú ó longa a chosc;
- .3 caighdeán oiliúna, deimhniúchán agus faire do mharaithe;
- .4 ualachlínite;
- .5 tonnáiste long a thomhas; agus
- .6 na rialacháin chun imbhualadh ar muir a chosc.

7. Ba cheart na réimsí seo a leanas a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu i bhforbairt beartas, reachtaíochta, rialacha agus rialachán gaolmhara agus nósanna imeachta riaracháin chun

go ndéanfaidh an Stát na hoibleagáidí agus na freagrachtaí sin a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú:

- .1 dlínse;
- .2 eagraíocht agus údarás;
- .3 reachtaíocht, rialacha agus rialacháin;
- .4 fógairt na n-ionstraimí, rialacha agus rialacháin idirnáisiúnta éigeantacha is infheidhme;
- .5 socruithe forfheidhmiúcháin;
- .6 feidhmeanna rialaithe, suirbhé, cigireachta, iniúchta, fíoraithe, formheasta agus deimhnithe;
- .7 roghnú, aitheantas, údarú, cumhachtú agus faireachán eagraíochtaí aitheanta, de réir mar is iomchuí, agus suirbhéirí ainmnithe;
- .8 na himscrúduithe is gá a thuairisciú don Eagraíocht; agus
9. tuairisciú don Eagraíocht agus do Riaracháin eile.

Gníomhaíochtaí tosaigh

8. Nuair a thagann ionstraim nua nó leasaithe de chuid na hEagraíochta i bhfeidhm do Stát, ba cheart do Rialtas an Stáit sin a bheith ábalta a fhorálacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú trí reachtaíocht náisiúnta iomchuí agus chun an an struchtúr cur chun feidhme agus bonneagair is gá a sholáthar. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh an méid seo a leanas ag Rialtas an Stáit sin:

.1 an cumas chun dlíthe a fhógairt, a cheadaíonn dlínse agus rialú éifeachtach i gcúrsaí riaracháin, teicniúla agus sóisialta maidir le longa a bhfuil a bhratach ar foluain acu, agus go háirithe, an bunús dlí a sholáthar do cheanglais ghinearálta le haghaidh clárlann, cigireacht long, dlíthe sábháilteachta agus coiscthe truaillithe a bhfuil feidhm acu maidir le longa den sórt sin agus rialacháin ghaolmhara a dhéanamh;

.2 bunús dlí chun a dhlíthe agus a rialacháin náisiúnta a fhorfheidhmiú lena n-áirítear na próisis imscrúdaitheacha agus na próisis le haghaidh pionós; agus

.3 pearsanra leordhóthanach a bhfuil saineolas muirí acu a bheith ar fáil chun cuidiú leis na dlíthe náisiúnta riachtanacha a fhógairt agus freagrachtaí uile an Stáit a chomhlíonadh, lena n-áirítear tuairisciú de réir mar a éilíonn na coinbhinsiúin faoi seach.

Faisnéis a chur in iúl

9. Ba cheart don Stát a straitéis, dá dtagraítear i mír 3, a chur in iúl, lena n-áirítear faisnéis ar a reachtaíocht náisiúnta do gach duine lena mbaineann.

Taifid

10. Ba chóir taifid, de réir mar is cuí, a bhunú agus a choinneáil chun fianaise a sholáthar maidir le comhréireacht leis na ceanglais agus maidir le hoibriú éifeachtach an Stáit. Ba chóir go mbeadh taifid inléite, inaitheanta go héasca agus in-aisghabhála i gcónaí. Ba cheart nós imeachta doiciméadaithe a leagan síos chun na rialuithe is gá a shainiú maidir le sainaitheint, stóráil, cosaint, aisghabháil, am coinneála agus diúscairt na dtaifead.

Ba cheart feabhas

11. Ba cheart do na Ballstáit feabhas leanúnach a chur ar leordhóthanacht na mbeart a dhéantar chun éifeacht a thabhairt do na coinbhinsiúin agus na prótacail sin ar ghlac siad leo. Ba cheart feabhas a dhéanamh trí chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dian agus éifeachtach na reachtaíochta náisiúnta, i gcás inarb iomchuí, agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh.

12. Ba cheart don Stát cultúr a spreagadh ina dtugtar deiseanna le haghaidh feabhais ar fheidhmíocht i ngníomhaíochtaí sábháilteachta muirí agus i ngníomhaíochtaí cosanta comhshaoil, lena n-áirítear, inter alia:

.1 cláir oiliúna leanúnacha a bhaineann le sábháilteacht agus cosc truaillithe;

.2 druileanna réigiúnacha agus náisiúnta ar shábháilteacht agus ar chosc ar thruailliú, agus speictream leathan eagraíochtaí, cuideachtaí agus maraithe náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a bhaineann le cúrsaí muirí páirteach iontu; agus

.3 sásraí luach saothair agus dreasachta a úsáid do chuideachtaí loingseoireachta agus do mharaithé maidir le sábháilteacht agus cosc truaillithe a fheabhsú.

13. Ina theannta sin, ba cheart don Stát beart a dhéanamh chun cúis aon cheann de na neamhchomhréireachtaí a shainaitheint agus a dhíchur chun atarlú a chosc, lena n-áirítear:

- .1 athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar neamhchomhréireachtaí;
- .2 an beart ceartaitheach is gá a chur chun feidhme; agus
- .3 athbhreithniú ar an mbeart ceartaitheach a rinneadh.

14. Ba cheart don Stát cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta is gá a chun na cúiseanna le neamhchomhréireachtaí féidir a dhíchur chun nach dtarlódh siad.

CUID 2 - STÁIT BHRATAÍ

15. Ionas go mbeidh siad ábalta a bhfreagrachtaí agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go héifeachtach, ba cheart do na stáit bhrataí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- .1 beartais a chur chun feidhme trí reachtaíocht agus treoir náisiúnta a eisiúint, a chuideoidh le cur chun feidhme agus forfheidhmiú cheanglais na gcoinbhinsiún agus na bprótacal uile um chosc ar shábháilteacht agus ar thruailliú a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu; agus
- .2 freagrachtaí a shannadh laistigh dá Riaracháin chun aon bheartais ábhartha a glacadh a nuashonrú agus a athbhreithniú, de réir mar is gá.

16. Ba cheart do Stát brataí acmhainní agus próisis a bhunú lena mbeifear ábalta clár sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a riar, agus ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a bheith i gceist leis an gclár sin:

.1 teoracha riaracháin chun na rialacha agus na rialacháin idirnáisiúnta is infheidhme a chur chun feidhme chomh maith le haon rialacháin náisiúnta léirmhínteacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a fhorbairt agus a scaipeadh, lena n-áirítear deimhnithe arna n-eisiúint ag cumann aicmiúcháin a aithníonn an Stát brataí i gcomhréir le forálacha Rialachán solas XI -1/1, agus ar deimhniú é a cheanglaíonn an Stát brataí lena thaispeáint go gcomhlíontar ceanglais struchtúracha, mheicniúla, leictreacha agus/nó eile de chuid coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil an Stát brataí ina pháirtí ann nó go gcomhlíontar ceanglas rialacháin náisiúnta an Stáit brataí;

.2 comhlíonadh cheanglais na n-ionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme, agus úsáid á baint as clár iniúchóireachta agus cigireachta, neamhspleách ar aon chomhlachtaí riaracháin a eisíonn na deimhnithe riachtanacha agus ar aon doiciméadacht ábhartha agus/nó ar aon eintiteas atá tarmligthe ag an Stát chun na deimhnithe riachtanacha agus na doiciméid ábhartha a eisiúint;

.3 comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta oiliúna, deimhniúcháin agus faire do mharaíthe. Áirítear leis sin, inter alia, na nithe seo a leanas:

- .1 oiliúint, measúnú inniúlachta agus deimhniú maraíthe;
- .2 deimhnithe agus formhuinithe ar a léirítear go cruinn inniúlachtaí na maraíthe, ag baint úsáid as an téarmaíocht iomchuí chomh maith le téarmaí atá comhionann leis na cinn a úsáidtear in aon doiciméad um fhoirniú sábháilte a eisítear don long;
3. imscrúdú neamhchlaonta a dhéanfar ar aon teip arna tuairisciú, cibé acu trí ghníomh nó neamhghníomh a d'fhéadfadh a bheith ina bhgairt dhíreach ar shábháilteacht daoine nó maoine ar muir nó ar an muirthimpeallacht a dhéanann sealbhóirí deimhnithe nó formhuinithe arna n-eisiúint ag an Stát;

.4 socruithe chun deimhnithe nó formhuinthe arna n-eisiúint ag an Stát a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal nuair atá údar leis sin agus nuair is gá sin chun calaois a chosc; agus

.5 socruithe riaracháin, lena n-áirítear na socruithe sin a bhaineann le gníomhaíochtaí oiliúna, measúnaithe agus deimhniúcháin a dhéantar faoi réim Stáit eile, ar socruithe iad a fhágann go nglacann an Stát brataí a fhreagracht as inniúlacht máistrí, oifigeach agus maraithe eile atá ag obair ar longa atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain a áirithiú;

.4 seoladh imscrúduithe ar thaismigh agus láimhseáil leormhaith agus thráthúil cásanna a bhaineann le longa ag a bhfuil easnaimh shainaitheanta; agus

.5 forbairt, doiciméadú agus soláthar treorach maidir leis na ceanglais sin a fhaightear sna hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a bheidh chun sástacht an Riaracháin.

17. Ba cheart do Stát brataí a áirithiú go bhfuil foireann leordhóthanach agus éifeachtúil ag longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain, agus bearta ábhartha agus bearta atá ann cheana á gcur san áireamh, amhail na Prionsabail maidir le Foirniú Sábháilte arna nglacadh ag an Eagraíocht.

Údarás a tharmligean

18. Maidir le longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain agus maidir leo sin amháin, ba cheart do Stát brataí a thugann an t-údarú d'eagraíocht aitheanta gníomhú thar a cheann, agus na suirbhéanna, na cigireachtaí agus na hiniúchtaí á ndéanamh, deimhnithe agus doiciméid a eisiúint, longa a mharcáil agus obair reachtúil eile a dhéanamh a cheanglaítear faoi choinbhinsiúin na hEagraíochta nó faoina reachtaíocht náisiúnta, an t-údarú/na húdaruithe sin a rialáil i gcomhréir le ceanglais infheidhme na n-ionstraimí idirnáisiúnta éigeantacha:

.1 a chinneadh go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an eagraíocht aitheanta i gcomhthéacs cumais theicniúla, bhainistíochta agus taighde chun na cúraimí atá á sannadh di a chur i gcrích, i gcomhréir leis na caighdeáin is gá d'eagraíochtaí aitheanta atá ag gníomhú thar ceann an lucht riaracháin agus atá leagtha amach in ionstraimí ábhartha na hEagraíochta;

.2 comhaontú foirmiúil i scríbhinn a bheith mar bhonn leis idir an Riarachán agus an eagraíocht aitheanta lena n-áirítear, ar a laghad, na heilimintí a leagthar amach in ionstraimí ábhartha na hEagraíochta, nó i socruithe dlíthiúla coibhéiseacha, agus a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar an gcomhaontú samplach maidir le húdarú eagraíochtaí aitheanta a ghníomhaíonn thar ceann an Riaracháin;

.3 treoracha sonracha a eisiúint ina sonrú na gníomhaíochtaí a bheidh le leanúint i gcás ina bhfaighfear go bhfuil long mí-oiriúnach chun dul ar muir gan damáiste a dhéanamh don long nó do na daoine, nó ina bhfaightear go bhfuil baol míréasúnta ann go ndéanfar díobháil don mhuirthimpeallacht;

.4 na hionstraimí dlí náisiúnta go léir is iomchuí agus na léirmhínte orthu lena dtugtar éifeacht d'fhorálacha na gcoinbhinsiún a sholáthar don eagraíocht aitheanta agus a shonrú, maidir lena gcur i bhfeidm ar longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain amháin, an dtéann aon chaighdeáin bhreise de chuid an Riaracháin thar cheanglais an choinbhinsiúin ar bhealach ar bith; agus

.5 a cheangal go gcoimeádfaidh an eagraíocht aitheanta taifid ina soláthrófar sonraí don Riarachán chun cuidiú leis na ceanglais atá sna hionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme a léirmhíniú.

19. Níor cheart d'aon Stát brataí sainordú a thabhairt dá eagraíochtaí aitheanta aon cheanglas a bhaineann lena rialacha maidir le haicmiú, lena gceanglais, lena nósanna imeachta nó le feidhmiú próiseas deimhniúcháin reachtúil eile, a chur i bhfeidhm ar longa, seachas na longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain, thar cheanglais an choinbhinsiúin agus thar ionstraimí éigeantacha na hEagraíochta.

20. Ba cheart don Stát brataí clár maoirseachta a bhunú nó páirt a ghlacadh ann le hacmhainní leordhóthanacha chun faireachán a dhéanamh ar a eagraíocht nó a eagraíochtaí aitheanta nó cumarsáid a dhéanamh leo lena áirithiú go gcomhlíonfar a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta go hiomlán, trí:

.1 a údarás a fheidhmiú maidir le suirbhéanna forlíontacha a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfaidh longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain ceanglais na n-ionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme go héifeachtach;

.2 suirbhéanna forlíontacha a dhéanamh de réir mar is iomchuí leis lena áirithiú go gcomhlíonfaidh longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain na ceanglais náisiúnta, lena bhforlíontar na ceanglais idirnáisiúnta éigeantacha; agus

Foireann a sholáthar a bhfuil eolas maith acu ar rialacha agus ar rialacháin an Stáit brataí agus ar rialacha agus rialacháin na n-eagraíochtaí aitheanta agus atá ar fáil chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na heagraíochtaí aitheanta.

21. Ba cheart do shuirbhéir(i) atá ainmnithe ag Stát brataí chun suirbhéanna, iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh thar a cheann na hainmniúcháin sin a rialáil, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an treoir dá bhforáiltear i mír 18, go háirithe fomhíreanna .3 agus .4.

Forfheidhmiú

22. Ba cheart do Stát brataí gach beart is gá a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfaidh longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain agus eintitis agus daoine atá faoina dhlínse rialacha agus caighdeáin idirnáisiúnta ionas go n-áiritheofar go gcomhlíonfar a oibleagáidí idirnáisiúnta. Ba cheart, inter alia, an méid seo a leanas a áireamh ar bhearta den sórt sin:

.1 cosc a chur sheoladh na loinge atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain go dtí go bhféadfaidh na longa sin dul ar muir i gcomhréir le ceanglais rialacha agus caighdeán idirnáisiúnta;

.2 an chigireacht thréimhsiúil ar longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain lena fhíorú bail iarbhír na loinge agus a foireann i gcomhréir leis na deimhnithe a iompraítear uirthi;

.3 áiritheoidh an suirbhéir, le linn na cigireachta tréimhsiúla dá dtagraítear i bhfomhír 2, go mbeidh eolas ag na maraithe a shanntar do na longa ar na nithe seo a leanas:

.1 a ndualgais shonracha; agus

.2 socruithe, suiteálacha, trealamh agus nósanna imeachta loinge;

4. a áirithiú gur féidir le líon foirne na loinge, ina iomláine, gníomhaíochtaí a chomhordú go héifeachtach i gcás éigeandála agus i gcomhlíonadh feidhmeanna atá rithábhachtach don tsábháilteacht nó chun truailliú a chosc nó a mhaolú;

.5 foráil a dhéanamh i ndlíthe agus i rialacháin náisiúnta maidir le pionóis a bhfuil déine leordhóthanach ag baint leo chun sárú ar rialacha agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta a dhéanann longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain a dhíspreagadh;

.6 imeachtaí a thionscnamh, i ndiaidh imscrúdú a sheoladh, i gcoinne longa atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain, a rinne sárú ar rialacha agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, gan beann ar an áit ar tharla an sárú;

.7 foráil a dhéanamh i ndlíthe agus i rialacháin náisiúnta maidir le pionóis a bhfuil déine leordhóthanach ag baint leo chun sárúithe ar rialacha agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta a dhéanann daoine aonair chuig a n-eisítear deimhnithe nó formhuinithe faoina údarás a dhíspreagadh; agus

.8 imeachtaí a thionscnamh, i ndiaidh imscrúdú a sheoladh, i gcoinne daoine aonair a bhfuil deimhnithe nó formhuinithe acu a rinne sárú ar rialacha agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, gan beann ar an áit ar tharla an sárú.

23. Ba cheart do Stát brataí clár rialaithe agus faireacháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

.1 foráil a dhéanamh maidir le himscrúduithe prasa cuimsitheacha ar thaismigh, agus tuairisciú don Eagraíocht de réir mar is cuí;

.2 foráil a dhéanamh maidir le sonraí staidrimh a bhailiú, ionas gur féidir anailísí treochta a dhéanamh chun réimsí lena mbaineann fadhbanna a shainaithint; agus

.3 foráil a dhéanamh maidir le freagairt thráthúil ar easnaimh agus ar theagmhais líomhnaithe truailithe arna dtuairisciú ag calafoirt nó ag Stáit chósta.

24. Chomh maith leis sin, ba cheart don Stát brataí:

.1 a áirithiú go gcomhlíonfar na hionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme tríd an reachtaíocht náisiúnta;

.2 líon iomchuí pearsanra cáilithe a sholáthar chun an reachtaíocht náisiúnta dá dtagraítear i bhfomhír 15.1 a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear pearsanra chun imscrúduithe agus suirbhéanna a dhéanamh;

.3 a dhóthain pearsanra cáilithe de chuid an Stáit brataí a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais i gcás ina bhfuil longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain faoi choinneáil ag Stáit an chalafoirt;

.4 a dhóthain pearsanra cáilithe de chuid an Stáit brataí a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais i gcás ina gceistíonn Stáit an chalafoirt bailíocht deimhnithe nó formhuinithe nó inniúlachta daoine aonair a bhfuil deimhnithe nó formhuinithe acu a eisíodh faoina údarás; agus

.5 oiliúint agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí suirbhéirí agus imscrúdaitheoirí an Stáit brataí a áirithiú.

25. Nuair a chuirtear in iúl do Stát brataí gur chuir Stát an chalafoirt long atá i dteideal a bratach a chur ar foluain faoi choinneáil, ba cheart don Stát brataí a mhaoirsiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha iomchuí chun an long atá i gceist a chur i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme láithreach bonn.

26. Níor cheart do Stát brataí, nó d'eagraíocht aitheanta a ghníomhaíonn thar a cheann, deimhniú idirnáisiúnta a eisiúint nó a fhorhuiniú ar long go dtí go gcinneadh sé go gcomhlíonann an long na ceanglais uile is infheidhme.

27. Níor cheart do Stát brataí deimhniú idirnáisiúnta inniúlachta nó formhuinithe a eisiúint do dhuine go dtí go gcinneadh sé go gcomhlíonann an duine na ceanglais uile is infheidhme.

Suirbhéirí Stáit brataí

28. Ba cheart don Stát brataí freagrachtaí, údarás agus idirchaidreamh gach pearsanra a bhainistíonn, a dhéanann agus a fhíoraíonn obair a bhaineann le sábháilteacht agus cosc truaillithe agus a dhéanann difear dóibh a shainiú agus a dhoiciméadú.

29. Ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a bheith ag pearsanra atá freagrach as suirbhéanna, cigireachtaí agus iniúchtaí a dhéanamh ar longa agus ar chuideachtaí a chumhdaítear leis na hionstraimí idirnáisiúnta éigeantacha ábhartha:

.1 cáilíochtaí iomchuí ó institiúid mhuirí agus taithí mharaíochta ábhartha mar oifigeach loinge deimhnithe ag a bhfuil nó ag a raibh deimhniú inniúlachta ar leibhéal bainistíochta bailí agus a bhfuil a n-eolas teicniúil ar longa agus ar a n-oibriú fós acu ó fuair siad a ndeimhniú inniúlachta; nó

.2 céim nó a coibhéis ó fhoras treasach laistigh de réimse ábhartha innealtóireachta nó eolaíochta atá aitheanta ag an Stát brataí; nó

.3 creidiúnú mar shuirbhéir trí chlár oiliúna foirmiúil as a ngnóthaítear an caighdeán céanna taithí agus inniúlachta suirbhéara agus a cheanglaítear i míreanna 29.1, 29.2 agus 32.

30. Ba cheart gur oibrigh pearsanra atá cáilithe faoi mhír 29.1 ar feadh tréimhse nach lú ná trí bliana ar muir mar oifigeach i roinn na deice nó an innill.

31. Ba cheart gur oibrigh pearsanra atá cáilithe faoi mhír 29.2 i gcáil ábhartha ar feadh trí bliana ar a laghad.

32. Sa bhreis air sin, ba cheart eolas praiticiúil agus teoiriciúil iomchuí a bheith ag an bpearsanra sin faoi longa, faoi oibriú long agus faoi fhorálacha na n-ionstraimí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta is gá chun a ndualgais mar shuirbhéirí Stáit brataí arna bhfail trí chlár oiliúna dhoiciméadaithe a chomhlíonadh.

33. Ba cheart go mbeadh oideachas, oiliúint agus maoirseacht atá comhréireach leis na cúraimí a údaraítear dóibh a chomhlíonadh ag pearsanra eile a chuidíonn le hobair den sórt sin a dhéanamh.

34. Moltar taithí ábhartha roimh ré i réimse an tsaineolais a chur san áireamh mar bhuntáiste; i gcás nach bhfuil aon taithí roimh ré acu, ba cheart don Riarachán oiliúint allamuigh iomchuí a sholáthar.

35. Ba cheart don Stát brataí córas doiciméadaithe a chur chun feidhme maidir le pearsanra a cháiliú agus maidir leis an eolas atá acu a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir mar is iomchuí maidir leis na cúraimí a údaraítear dóibh a dhéanamh.

36. Ag brath ar an bhfeidhm nó ar na feidhmeanna atá le comhlíonadh, ba cheart go gcuimseofaí leis na cáilíochtaí:

.1 eolas ar rialacha agus rialacháin is infheidhme, idirnáisiúnta agus náisiúnta araon, maidir le longa, a gcuideachtaí, a gcriú, a lasta agus a n-oibriú;

.2 eolas ar na nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm maidir le feidhmeanna suirbhéireachta, deimhniúcháin, rialaithe, imscrúdaitheacha agus maoirseachta;

.3 tuiscint ar spriocanna agus ar chuspóirí na n-ionstraimí idirnáisiúnta agus náisiúnta lena ndéileáiltear le sábháilteacht mhuirí agus cosaint na muirthimpeallachta, agus ar chuspóirí na gclár gaolmhar;

.4 tuiscint ar na próisis ar bord agus ar tír araon, na cinn inmheánacha chomh maith leis na cinn sheachtracha;

(a) an inniúlacht ghairmiúil is gá chun na cúraimí sin a chur i gcrích go héifeachtach agus go héifeachtúil;

.6 feasacht sábháilteachta iomlán i ngach cás, chomh maith le sábháilteacht an duine féin; agus

7. oiliúint nó taithí ar na cúraimí éagsúla a bheidh le déanamh agus ar na feidhmeanna a bheidh le measúnú más féidir.

37. Ba cheart don Stát brataí doiciméad aitheantais a eisiúint chuig an suirbhéir chun é a iompar agus a thascanna á gcomhlíonadh aige.

Imscrúduithe Stáit brataí

38. Ba cheart d'imscrúdaitheoirí neamhchlaonta agus oibiachtúla imscrúduithe sábháilteachta muirí a dhéanamh agus ba cheart go mbeadh na cáilíochtaí cuí acu agus go mbeadh siad eolach faoi ábhair a bhaineann leis an taismeach. Faoi réir aon chomhaontaithe ar a mbeidh an Stát nó na Stáit ina Stát nó ina Stáit imscrúdaithe sábháilteachta muirí, ba cheart don Stát brataí imscrúdaitheoirí cáilithe a sholáthar chun na críche sin, gan beann ar shuíomh an taismigh nó an teagmhais.

39. Moltar don Stát brataí a áirithiú go bhfuil eolas oibre agus taithí phraiticiúil ag imscrúdaitheoirí aonair sna réimsí ábhair sin a bhaineann lena ngnáthdhualgais. Chomh maith leis sin, chun cuidiú le himscrúdaitheoirí aonair dualgais a chomhlíonadh lasmuigh dá ngnáth-thascanna, moltar don Stát brataí a áirithiú go mbeidh ar shaineolas sna réimsí seo a leanas, de réir mar is gá:

.1 loingseoireacht agus na Rialacháin maidir le hImbhualadh;

.2 rialacháin na Stát brataí maidir le deimhnithe inniúlachta;

.3 cúiseanna an truailithe mhuirí;

.4 modhanna agallaimh;

.5 fianaise a bhailiú; agus

.6 meastóireacht ar éifeachtaí na heiliminte daonna.

40. Moltar go ndéanfar imscrúdú ar aon timpiste a bhaineann le díobháil phearsanta lena dteastaíonn bheith as láthair ó dhualgas ar feadh trí lá nó níos mó agus ar aon bhásanna de dheasca timpistí agus taismigh cheirde do longa de chuid an Bhratstáit, agus torthaí na n-imscrúduithe sin a chur ar fáil go poiblí.

41. Ba cheart taismigh loinge a imscrúdú agus a thuairisciú de réir na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, agus an Cód um Imscrúdú Taismí, de réir arna leasú, agus treoirlínte arna bhforbairt ag an Eagraíocht á gcur san áireamh. Ba cheart an tuairisc ar an imscrúdú a chur ar aghaidh chuig an Eagraíocht mar aon le barúlacha an Stáit brataí, de réir na dtreoirlínte dá dtagraítear thuas.

Meastóireacht agus athbhreithniú

42. Ba cheart do Stát brataí, ar bhonn tréimhsiúil, meastóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht i ndáil le cur chun feidhme na bpróiseas riaracháin, na nósanna imeachta riaracháin agus na n-acmhainní riaracháin is gá chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a cheanglaítear leis na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil sé ina pháirtí iontu.

43. Ba cheart a áireamh ar bhearta chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht Stáit brataí, inter alia, rátaí coinneála rialaithe Stáit an chalafoirt, torthaí cigireachta Stát brataí, staidreamh maidir le taismigh, próisis chumarsáide agus faisnéise, staidreamh bliantúil maidir

le cailteanas (gan lánchailteanais inchiallaithe (CTLanna) a áireamh) agus táscairí feidhmíochta eile de réir mar is iomchuí, lena chinneadh an leor an soláthar foirne, na hacmhainní agus na nósanna imeachta riaracháin chun a oibleagáidí Stáit brataí a chomhlíonadh.

44. Féadfar an méid seo a leanas, inter alia, a áireamh ar na réimsí a mholtar le haghaidh athbhreithniú rialta:

.1 cailteanas cabhlaigh agus cóimheasa timpistí chun treochtaí a shainaitheint thar thréimhsí ama roghnaithe;

.2 líon na gcásanna fíoraithe long atá faoi choinneáil i ndáil le méid an chabhlaigh;

.3 líon na gcásanna fíoraithe neamhinniúlachta nó éagóra ag daoine aonair ag a bhfuil deimhnithe nó formhuinithe a eisíodh faoi údarás an Stáit brataí;

.4 freagairtí ar thuarascálacha nó idirghabhálacha easnaimh Stát an chalafoirt;

.5 imscrúduithe ar thaismigh an-tromchúiseach agus thromchúiseacha agus ceachtanna a foghlaimíodh uathu;

.6 acmhainní teicniúla agus acmhainní eile a gealladh;

torthaí cigireachtaí, suirbhéanna agus rialuithe ar na longa sa chabhlach;

.8 timpistí ceirde a imscrúdú;

líon na dteagmhas agus na sáruithe a tharlaíonn faoi na rialacháin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le truailliú muirí a chosc; agus

.10 líon na ndeimhnithe, na bhformhuinithe, na bhformheasanna nó na ndeimhnithe comhchosúla arna gcur ar fionraí nó arna n-aistarraingt.'

•